Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2018
(OR. en)

9144/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0130 (COD)**

TRANS 217
CODEC 810

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 275 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle i dtaca leis an teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta i gcás cábán lena sheachadtar feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 275 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 275 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2018
COM(2018) 275 final

2018/0130 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle i dtaca leis an teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta i gcás cábán lena sheachadtar feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr.**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rinneadh athbhreithniú ar Threoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta[1] le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal le Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal[2].

Ar cheann d'aidhmeanna Threoir (AE) 2015/719 bhí feabhas a chur ar aeraidinimic mhótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme na Treorach trína cheadú dóibh, dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe, maolú ó na srianta maidir le faid uasta. Bhí sé mar aidhm freisin an reachtaíocht a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus riachtanais athraitheacha an mhargaidh agus an t-iompar idirmhódúil a éascú.

Deonaíodh an maolú ar shrianta maidir le fad uasta i dtaca le cúl feithiclí, feistí aeraidinimiciúla a shuí[3], agus tosach feithiclí[4] chun go mbeadh cruth níos cruinne agus níos aeraidinimiciúla ar chábáin leoraithe.

Baineann an cinneadh seo le tosach feithiclí, is é sin le rá na cábáin mar a bhí i gceist in Airteagal 9a de Threoir 96/53/CE arna leasú le Treoir (AE) 2015/719. Bunaítear leis an bhforáil seo roinnt coinníollacha, mar atá comhlíonadh na gceanglas maidir leis na riachtanais i ndáil le ga an chas-spáis a leagtar amach i bpointe 1.5 d'Iarscríbhinn I.

Sa Mheasúnú Tionchair[5] uaidh a ghabhann leis an togra le haghaidh leasú ar Threoir 96/53/CE[6], shainaithin an Coimisiún tairbhí suntasacha a thagann as na maoluithe maidir le fad a dheonú atá i gceist anois le leasú ar Threoir (AE) 2015/719. Cé is moite de na feabhsuithe aeraidinimiciúla tábhachtacha a thagann as na feistí aeraidinimiciúla cúil agus na cábáin fadaithe, thiocfadh tairbhí as na cábáin sin freisin i dtéarmaí infheictheacht níos fearr do thiománaithe, sábháilteacht níos fearr d'úsáideoirí bóthair eile mar aon le sábháilteacht agus compord do thiománaithe.

Cé nár tugadh le fios sa Mheasúnú Tionchair ón gCoimisiún go raibh gá le moratóir maidir le teacht i bhfeidhm na gcábán fadaithe, aontaíodh moratóir trí bliana sa chomhréiteach deireanach idir na reachtóirí, arna ghlacadh in Airteagal 9a(3) de Threoir (AE) 2015/719.

Agus cúrsaí mar atá faoi láthair, agus i bhfianaise gur astaíochtaí CO2 ón iompar de bhóthar atá in aon cheathrú de na hastaíochtaí CO2 uile san Aontas agus go bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh fás 6 % ar astaíochtaí ón iompar de bhóthar sa tréimhse 2015-2030, is é atá i gceist ag an gCoimisiún leas a bhaint as na cábáin fhadaithe chomh luath agus is féidir. Cuirtear le tábhacht an ábhair seo leis an togra le haghaidh caighdeáin CO2 do thromfheithiclí earraí, mar a mhol an Coimisiún é mar chuid de Phacáiste Soghluaiseachta III ina leagtar béim go sonrach ar an tábhacht atá le cábáin aeraidinimiciúla[7]. Go deimhin, maidir leis na caighdeáin i

1 IO L 235, 17.9.1996, lch. 59.
2 IO L 115, 6.5.2015, lch. 1.
3 Airteagal 8b
4 Airteagal 9a
5 SWD(2013) 108 final
6 COM(2013) 195 final
7 COM(2018) 284

dtaca le hastaíochtaí CO2 do thromfheithiclí earraí a chomhlíonadh sa todhchaí beidh gá le teicneolaíochtaí éagsúla a chur i bhfeidhm chun an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; ar na teicneolaíochtaí sin is é na cábáin aeraidinimiciúla a thabhairt isteach an beart is éifeachtaí chun cúltharraingt a laghdú.

Mar sin féin, leis an moratóir atá sa reachtaíocht faoi láthair cuirtear monaróirí ó fheabhas a chur ar aeraidinimic cábán mar bhealach chun comhlíonadh na gcaighdeán CO2 a bheidh ag teacht chun cinn do thromfheithiclí earraí a ghnóthú. Anuas air sin, téann an moratóir in aghaidh phrionsabal na nuálaíochta agus phrionsabail an rialacháin níos fearr toisc go gcuirtear srian le forbairt teicneolaíochtaí agus coincheap nua.

Dá bharr, sin tá an Coimisiún ag moladh an teorainn ama do thrasuí Airteagal 9a(1)de Threoir 95/53/CE a ghiorrú. Leis an téacs nua atá molta maidir le hAirteagal 9a(3) bheadh go leor ama fós ag na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh.

Sa chomhthéacs sin, tá an t-am is gá chun an Cinneadh atá ann faoi láthair a ghlacadh curtha san áireamh.

Rud eile, ba cheart a lua ar dtús gur féidir an t-athrú ar an gcreat maidir le cineálcheadú atá i gceist in Airteagal 9a(2) a thabhairt i gcrích le leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012[8], mar is léir má dhéanfar scrúdú níos géire ar an gceist. Is le beart cur chun feidhme faoin Rialachán maidir leis an tSábháilteacht[9] Ghinearálta a dhéanfar Rialachán (AE) Uimh 1230/2012 a leasú agus meastar go mbeidh an méid sin tugtha i gcrích faoi dheireadh 2018. Cuirtear an méid sin san áireamh san am nua a leagtar amach sa togra seo agus ba cheart go n-áiritheofaí leis sin go dtiocfaidh na bearta náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 9a(1) de Threoir 96/53/CE i bhfeidhm thart ar an am céanna agus an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012.

Ar an dara dul síos, ní gá an tsraith teagmhas athruithe atá i gceist faoi láthair in Airteagal 9a(3) de Threoir 96/53/CE a choinneáil go beacht. Chun go mbeidh cead ag na feithiclí i gceist gluaiseacht ar na bóithre ní mór athruithe a dhéanamh ar an gcreat cineálcheadaithe agus, ina dhiaidh sin, an t-athrú a leagtar amach in Airteagal 9a(1) de Threoir 96/53/CE a dhéanamh. Ní gá leasú a dhéanamh roimh ré ar an gcreat cineálcheadaithe chun an dara athrú sin, ina aonar, a thrasuí. Is leor go ndéanfar foráil leis na rialacha náisiúnta maidir leis an gcineálcheadú mar choinníoll mar a leagtar amach in Airteagal 9a(1)de Threoir 96/53/CE.

Tá an t-athrú a mholtar ag teacht go hiomlán leis an Measúnú Tionchair[10] a rinne an Coimisiún cheana, nach raibh moratóir – mar a luadh – arna ghlacadh ag na comhreachtóirí i gceist ann. Ar an gcúis chéanna, ní bheadh aon ghá Measúnú Tionchair a dhéanamh i leith an togra seo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo ag teacht go hiomlán leis na beartais atá ann cheana, agus tacaíonn sé leo, maidir le caighdéain CO2 do thromfheithiclí earraí, mar a mholtar inniu. Ina theannta sin, tá sé ag teacht leis na beartais atá ann cheana arb é is aidhm dóibh an líon timpistí agus básanna in iompar de bhóthar a laghdú.

8 Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais cineálcheadaithe do mhaiseanna agus toisí mótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 353, 21.12.2012, lch. 31).

9 Rialachán (AE) 661/2009

10 SWD(2013) 108 final

Toisc nach ndéanfar leis an togra ach an dáta a thabhairt chun cinn óna bhféadtar cábáin níos aeraidinimiciúla agus/nó níos sábháilte a úsáid dá bhforáiltear cheana le Treoir 2015/719 ní bheidh tionchar aige dá bharr sin ar an iompar idirmhódúil agus ar an aidhm ghinearálta modhanna malartacha ar an iompar de bhóthar a chur chun cinn.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an togra go díreach leis an gcéad tosaíocht pholaitiúil de Choimisiún Juncker: Poist, Fás agus Infheistíocht trína cheadú do mhonaróirí leoraithe agus do sholáthraithe trealaimh nuálaíocht a dhéanamh agus múnlaí nua de thromfheithiclí earraí a tháirgeadh. Tá an togra seo ceaptha cuidiú freisin leis an tosaíocht maidir le hAontas Fuinnimh agus maidir leis an Aeráid trí astaíochtaí ó thromfheithiclí a laghdú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don leasú a bheartaítear.

- **Coimhdeacht**

Baineann an togra seo leis an teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 9a(3)de Threoir 96/53/CE a choigeartú agus leis sin amháin. Is é an tAontas féin agus é sin amháin a fhéadann coigeartú den sórt sin a thabhairt i gcrích.

Ina theannta sin, ní féidir saobhadh sa mhargadh inmheánach a sheachaint ach amháin trí dháta amháin a leagan síos do chur i bhfeidhm na rialacha nua. .

- **Comhréireacht**

Tá an togra beartais comhréireach leis na fadhbanna a aithníodh agus ní théann sé thar a bhfuil gá leis chun iad a réiteach. Go sonrach, tá an beart teoranta don teorainn ama maidir le hAirteagal 9a(1) de Threoir 96/53/CE a choigeartú agus ina theannta sin tugtar go leor ama do na Ballstáit na bearta riachtanacha a dhéanamh.

- **An rogha ionstraime**

Ba cheart Leasuithe ar Threoracha a bheith san fhoirm chéanna, eadhon i bhfoirm Treoracha leasaitheacha.

Sa chás áirithe seo, áfach, níl i gceist ach teorainn ama arna forchur ar na Ballstáit a athrú. Ní dócha go ndéanfaidh na Ballstáit an t-athrú sin a thrasuí. Dá bharr sin, ba cheart é a bheith i bhfoirm Cinnidh.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

I bhfianaise nach gá aon Mheasúnú Tionchair breise a dhéanamh maidir leis an togra seo, déantar tagairt don Mheasúnú Tionchair a rinne an Coimisiún cheana. SWD(2013) 108 final

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí do bhuiséad AE ag an leasú atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is iad seo a leanas príomheilimintí an togra:

**Treoir 96/53/CE**

*Airteagal 9a*

Áirítear le hAirteagal 9a(3) moratóir trí bliana maidir le cábáin aeraidinimiciúla a thabhairt isteach tar éis dháta trasuí nó cur i bhfeidhm na leasuithe riachtanacha i dtaca le ceanglais chineálcheadaithe theicniúla.

Beartaítear Airteagal 9a(3) a choigeartú chun deireadh a chur leis an moratóir trí bliana agus chun socrú ar theorainn ama níos giorra a bheidh níos comhréirí.

2018/0130 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle i dtaca leis an teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta i gcás cábán lena sheachadtar feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr.**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[11],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[12],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal[13] le Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] ionas go bhféadfar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus an reachtaíocht a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus riachtanais athraitheacha an mhargaidh agus an t-iompar idirmhódúil a éascú.

(2) Leis an bhfeabhas ar aeraidinimic na gcábán i mótarfheithiclí d'fhéadfaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le feidhmíocht fuinnimh na bhfeithiclí. Ní fhéadfaí an feabhsú seo a dhéanamh, áfach, faoi na srianta maidir le fad uasta a leagtar amach i dTreoir 96/53/CE gan acmhainn ualaigh na feithicle a laghdú. Ar an ábhar sin, tugadh isteach maolú ar shrianta maidir le fad uasta le Treoir (AE) 2015/719.

(3) Áiríodh i dTreoir (AE) 2015/719 freisin moratóir trí bliana maidir le cábáin aeraidinimiciúla a thabhairt isteach tar éis an dáta le haghaidh thrasuí nó chur i bhfeidhm na leasuithe riachtanacha i dtaca le ceanglais chineál cheadaithe theicniúla.

[11] IO C […], […], p. […].
[12] IO C […], […], p. […].
[13] IO L 235, 17.9.1996, lch. 59.
[14] Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 115, 6.5.2015, lch. 1).

(4) Chun go dtiocfaidh ann na tairbhí a bhaineann le cábáin aeraidinimiciúla, i dtéarmaí feidhmíocht fuinnimh thromfheithiclí earraí, ach ina theannta sin i dtéarmaí infheictheacht níos fearr do thiománaithe, sábháilteacht níos fearr d'úsáideoirí bóthair eile mar aon le sábháilteacht agus compord do thiománaithe chomh luath agus is féidir, ní mór a áirithiú gur féidir na cábáin aeraidinimiciúla sin a thabhairt isteach gan moill mhíchuí a luaithe a bheidh na ceanglais chineálcheadaithe i bhfeidhm.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 96/53/CE ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9a de Threoir 96/53/CE ón gComhairle, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'(3) Beidh feidhm ag mír 1 [XXX] [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta: 4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh seo].'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*